An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC/IN 0007/2024**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna Deonacha agus Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**

# Leasú ar an Scéim Saoire do Thuismitheoirí do Rúnaithe Scoile a chlúdaítear faoi théarmaí Chomhaontú 2022 an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC), atá fostaithe i mBunscoileanna agus i Meánscoileanna Deonacha agus i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta

## 1. Réamhrá

1.1 Cuireann an Nóta Faisnéise seo in iúl d'fhostóirí faoi leasú ar na Soláthairtí um Scéim Saoire do Thuismitheoirí atá in Ciorclán 0007/2024 dar teideal *Teidlíochtaí Saoire do Rúnaithe Scoile atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna Deonacha agus i bPobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta*

## 2. Teidlíocht Saoire do Thuismitheoirí

2.1 Ón 1 Lúnasa 2024, méadaítear an teidlíocht Saoire do Thuismitheoirí go 9 seachtaine do thuismitheoir lena mbaineann 7 seachtaine Shaoire do Thuismitheoirí mar theidlíocht roimhe seo i leith gach linbh incháilithe.

2.2 Sa chás go mbaintear leas as Saoire do Thuismitheoirí, ní mór í a thógáil laistigh de 24 mhí (2 bhliain) ó dháta breithe an linbh nó i gcás uchtaithe, lá socrúcháin an linbh ach má chuirtear an saoire siar féadtar í a shíneadh thar an tréimhse 2 bhliain.

2.3 Níl tuismitheoir linbh a rugadh nó a uchtaíodh idir 1 Samhain 2019 agus 31 Iúil 2022 incháilithe don 2 sheachtain bhreise Saoire do Thuismitheoirí.

2.4 I gcás ina bhfuil leas bainte ag rúnaí cheana féin as an teidlíocht 7 seachtaine suas go dtí an 1 Lúnasa 2024, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar a bhfostóir ar feadh 2 sheachtain breise ón dáta i gcás go gcomhlíontar na critéir incháilitheachta.

2.5 Ba cheart do Rúnaí na Scoile iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí a dhéanamh chuig a bhfostóir 6 seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe atá beartaithe.

## 3. Cúinsí Eisceachtúla do Lúnasa 2024

3.1 Foilsíodh an reachtaíocht (I.R. Uimh. 300/2024) an 21 Meitheamh 2024 chun 2 sheachtain bhreise Saoire do Thuismitheoirí a sholáthar ó 1 Lúnasa 2024.

3.2 Toisc dáta foilsithe na reachtaíochta, d'fhéadfadh sé nach mbeadh fostóir in ann iarratas rúnaí scoile don 2 sheachtain bhreise a fhaomhadh le dáta tosaithe beartaithe i mí Lúnasa/Meán Fómhair 2024. Is é an fáth atá leis seo ná nach féidir an t-íosmhéid 6 seachtaine de cheanglas spriocdháta iarratais a chomhlíonadh.

3.3 I gcúinsí ina mbaineann an leanbh dhá bhliain amach nó go bhfuil an leanbh uchtaithe socraithe 2 bhliain le rúnaí na scoile i mí Lúnasa/Meán Fómhair 2024, is féidir síneadh 12 seachtaine a sholáthar chun ligean don rúnaí scoile leas a bhaint as an 2 sheachtain bhreise de Theidlíocht Saoire do Thuismitheoirí.

3.4 Tosaíonn an síneadh 12 seachtaine seo ón dáta tosaigh a bhí beartaithe ar dtús do Shaoire do Thuismitheoirí i mí Lúnasa/Meán Fómhair. Ní mór leas a bhaint as an tréimhse cheadaithe Saoire do Thuismitheoirí agus í a bheith ídithe go hiomlán, sula dtéann an síneadh 12 seachtaine in éag. Ní mór don dáta tosaithe Saoire do Thuismitheoirí atá beartaithe tosú ar a dhéanaí coicís roimh 2ú breithlá an linbh nó sa chás go bhfuil an leanbh uchtaithe socraithe 2 bhliain le rúnaí na scoile.

Seo a leanas roinnt samplaí:-

- Is mian leis an Rúnaí leas a bhaint as 2 sheachtain den Saoire do Thuismitheoirí ón 9 Lúnasa 2024. Níl an Fostóir in ann an 2 sheachtain Saoire do Thuismitheoirí a dheonú toisc an riachtanas fógra íosmhéid 6-seachtaine. Sa chás seo is féidir an síneadh 12 seachtaine a chur i bhfeidhm ach ní mór leas a bhaint as an Saoire do Thuismitheoirí agus í a bheith ídithe go hiomlán faoin 1 Samhain 2024.

- Beidh leanbh uchtaithe Rúnaí socraithe leis an Rúnaí 2 bhliain ar an 12 Meán Fómhair 2024. Is mian leis an Rúnaí leas a bhaint as an 2 sheachtain Saoire do Thuismitheoirí ón 29 Lúnasa 2024. Níl an Fostóir in ann an 2 sheachtain Saoire do Thuismitheoirí a dheonú toisc an íosriachtanas fógra 6 seachtaine. Sa chás seo is féidir an síneadh 12 seachtaine a chur i bhfeidhm ach ní mór leas a bhaint as an Saoire do Thuismitheoirí agus í a bheith ídithe go hiomlán faoin 21 Samhain 2024.

## 4 Scaipeadh an Nóta Faisnéise

4.1 Cinntigh le do thoil go scaiptear an Nóta Faisnéise seo ar chomhaltaí uile an Bhoird Bainistíochta agus go dtarraingítear aird na rúnaithe scoile go léir lena mbaineann téarmaí Chomhaontú 2022 an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) atá fostaithe, lena n-áirítear iad siúd ar saoire neamhláithreachta, ar an Nóta Faisnéise seo.

4.2 Is féidir an Nóta Faisnéise seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne ag gov.ie.

**James Walsh**
**Príomhoifgeach**
**Riarachán Saoire do Rúnaithe Scoile**

**10 Iúil 2024**